Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10871/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0214(COD)**

**ECOFIN 744**
**ENV 526**
**CLIMA 191**
**FISC 122**
**UD 192**
**IA 135**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 564 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha<br>- Iarscríbhinní 1-5 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 564 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 564 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
COM(2021) 564 final

ANNEXES 1 to 5

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha**

{SEC(2021) 564 final} - {SWD(2021) 643 final} - {SWD(2021) 644 final} - {SWD(2021) 647 final}

**IARSCRÍBHINN I**
**Liosta na n-earraí agus na ngás ceaptha teasa**

1. Chun earraí a shainaithint, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí a liostaítear sna hearnálacha seo a leanas a thagann faoi láthair faoi na cóid ainmníochta comhcheangailte (‘AC’) a liostaítear thíos, agus is éard a bheidh iontu na cóid atá i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]).

2. Chun críocha an Rialacháin seo, na gáis cheaptha teasa a bhaineann le hearraí atá sna hearnálacha a liostaítear thíos, is éard a bheidh sna gáis sin na cinn a liostaítear thíos le haghaidh gach cineál earraí.

**Stroighin**

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 2523 10 00 – Clincir stroighne | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 21 00 – Stroighin bhán Portland, bíodh sí daite go saorga nó ná bíodh | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 29 00 – Cineálacha eile stroighne Portland | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2523 90 00 – Stroighneacha hiodrálacha eile | Dé-ocsaíd charbóin |

**Leictreachas**

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 2716 00 00 – Fuinneamh leictreach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Leasacháin**

| Cód AC | Gás ceaptha teasa |
|---|---|
| 2808 00 00 – Aigéad nítreach; aigéid shulfainítreacha | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 2814 – Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí | Dé-ocsaíd charbóin |
| 2834 21 00 - Níotráití potaisiam | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 3102 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha, iad nítrigineach | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |
| 3105 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil dhá cheann nó trí cinn de na dúile leasacháin nítrigin, fosfar agus potaisiam; leasacháin eile; earraí faoin gcaibidil seo i dtáibléid nó i bhfoirmeacha comhchosúla nó i bpacáistí nach mó ná 10 kg a n-ollmheáchan<br>- Cé is moite de: 3105 60 00 – Leasacháin mhianracha nó cheimiceacha ina bhfuil an dá dhúil leasacháin fosfar agus potaisiam | Dé-ocsaíd charbóin agus ocsaíd nítriúil |

1 Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

**Iarann agus Cruach**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 72 – Iarann agus cruach<br>Cé is moite de:<br>7202 – Fearó-chóimhiotail<br>7204 – Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; tinní dramhiarainn agus cruach lena n-athleá | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7301 – Bratphíleáil iarainn nó cruach, bíodh sí druileáilte nó pollta, bíodh sí déanta as nithe cóimeáilte nó ná bíodh; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc, agus táthú déanta orthu, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7302 – Ábhar tógála iarainn nó cruach le haghaidh na n-iarnród nó le haghaidh trambhealaí, lena n-áirítear: ráillí, ráillí cosanta agus ráillí mantacha, lanna aistrithe treo, froganna trasnála, slata pointe agus píosaí eile i gcomhair na trasnála, trasnáin (trascheangail), lioscáin, teangacha ladhróige, dingeacha teanga ladhróige, bonnphlátaí (bunphlátaí), fáiscíní ráille, plátaí leaba, ceangail agus ábhar speisialaithe eile chun ráillí a cheangal nó a dheisiú | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7303 00 –Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, déanta as iarann teilgthe | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7304 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla, gan uaim, iad déanta as cruach nó as iarann (seachas iarann teilgthe) | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7305 – Feadáin agus píobáin eile (iad táite, mar shampla, sin nó iad seamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin), trasghearradh ciorclach iontu, iad níos mó ná 406,4 mm ar an trastomhas seachtrach, agus iad déanta as iarann nó cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7306 – Feadáin, píobáin agus próifílí tolla eile (cinn séama oscailte nó cinn atá dúnta le táthú, seamú nó ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7307 – Feistis feadáin nó píobáin (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7308 – Foirgnimh (gan foirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406 a áireamh) agus codanna d’fhoirgnimh (droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, | Dé-ocsaíd charbóin |

| | |
|---|---|
| balastráidí, piléir, colúin, mar shampla), iad déanta as iarann nó as cruach; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéidí, arna n-ullmhú lena n-úsáid i bhfoirgnimh, iad déanta as iarann nó as cruach | |
| 7309 – Taiscumair, umair, dabhcha agus taisceadáin eile den chineál sin le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7310 – Umair, bairillí, drumaí, cannaí, boscaí agus taisceadáin eile den chineál céanna, le haghaidh aon ábhair (cé is moite de ghás comhbhrúite nó leachtaithe), iad déanta as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh iontu nach mó ná 300 l, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu | Dé-ocsaíd charbóin |
| 7311 – Coimeádáin le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe, iad déanta as iarann nó as cruach | Dé-ocsaíd charbóin |

**Alúmanam**

| **Cód AC** | **Gás ceaptha teasa** |
|---|---|
| 7601 – alúmanam neamhshaoirsithe | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7603 – Púdair agus calóga alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7604 – Barra, slata agus próifílí alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7605 – Sreang alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7606 – Plátaí, leatháin agus stiallacha alúmanaim, atá níos mó ná 0,2 mm ar tiús | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7607 – Scragall alúmanaim (bíodh sé priontáilte nó bíodh páipéar, cairtchlár, plaistigh nó ábhar taca comhchosúil ar a chúl nó ná bíodh), nach bhfuil níos mó ná 0,2 mm ar tiús (gan aon ábhar taca a áireamh) | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7608 – Feadáin agus píobáin alúmanaim | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |
| 7609 00 00 – Feistis feadáin nó píobáin alúmanaim (cúplálacha, uillinneacha, muinchillí, mar shampla) | Dé-ocsaíd charbóin agus sárfhluaracarbóin |

## IARSCRÍBHINN II

## Tíortha agus críocha nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo

### 1. Roinn A- Tíortha agus críocha atá lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí de thionscnamh na dtíortha seo a leanas:

– an Íoslainn

– Lichtinstéin

– an Iorua

– an Eilvéis

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hearraí de thionscnamh na gcríoch seo a leanas:

– Büsingen

– Heligoland

– Livigno

– Ceuta

– Melilla

### 2. Roinn B – Tíortha agus críocha atá lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo maidir le leictreachas a allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais

[Folamh faoi láthair]

## IARSCRÍBHINN III
## Modhanna lena ríomhtar na hastaíochtaí leabaithe

### 1. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus Iarscríbhinn IV, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'earraí simplí' earraí a tháirgtear i bpróiseas táirgthe nach n-éilíonn ach ábhair ionchuir agus breoslaí nach ngabhann aon astaíochtaí leabaithe leo;

(b) ciallaíonn 'earraí coimpléascacha' earraí ar gá earraí simplí eile a ionchur i bpróiseas a dtáirgthe;

(c) ciallaíonn 'sainastaíochtaí leabaithe' na hastaíochtaí leabaithe in aon tona amháin earraí, arna shloinneadh ina thonaí d'astaíochtaí coibhéise $CO_2$ in aghaidh an tona earraí;

(d) ciallaíonn 'fachtóir astaíochta $CO_2$ meán ualaithe dhéine $CO_2$ an leictreachais a ghintear as breoslaí iontaise i limistéar geografach. Is éard atá san fhachtóir astaíochta $CO_2$ an toradh a fhaightear trí shonraí astaíochta $CO_2$ na hearnála fuinnimh a roinnt ar ollmhéid na giniúna leictreachais ó bhreoslaí iontaise. Sloinntear é i dtonaí $CO_2$ ina aghaidh na meigeavatuaire;

(e) ciallaíonn 'comhaontú ceannacháin cumhachta' conradh faoina gcomhaontaíonn duine leictreachas a cheannach go díreach ó tháirgeoir leictreachais;

(f) ciallaíonn 'oibreoir córas tarchurtha' oibreoir mar a shainmhínítear in Airteagal 2(35) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

### 2. NA hASTAÍOCHTAÍ LEABAITHE DÍREACHA IARBHÍR A CHINNEADH LE hAGHAIDH EARRAÍ SIMPLÍ

Chun na sainastaíochtaí leabaithe iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí simplí a tháirgtear i suiteáil ar leith, ní thabharfar sa chuntas ach na hastaíochtaí díreacha. Chun na críche sin, tá an chothromóid seo a leanas le cur i bhfeidhm:

$$SEE_g = \frac{AttrEm_g}{AL_g}$$

Nuair is é $SEE_g$ na sainastaíochtaí leabaithe a ghabhann leis na hearraí *g*, i dtéarmaí coibhéise $CO_2$ ina aghaidh an tona, nuair is é $AttrEm_g$ na hastaíochtaí sannta a ghabhann leis na hearraí *g*, agus nuair is é $AL_g$ leibhéal gníomhaíochta na n-earraí. Is éard atá sa leibhéal gníomhaíochta an méid de na hearraí a táirgeadh sa tsuiteáil sin le linn na tréimhse tuairisciúcháin.

ciallaíonn 'astaíochtaí sannta' an chuid d'astaíochtaí díreacha na suiteála le linn na tréimhse tuairiscithe arb é próiseas táirgthe earraí *g* is cúis léi, agus é sin arna bhunú ar chur i bhfeidhm theorainneacha córais an phróisis a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme arna

---

[2] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach leictreachais agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125)

nglacadh de bhun Airteagal 7(6). Is í an chothromóid seo a leanas a úsáidfear chun na hastaíochtaí sannta a ríomh:

$$AttrEm_g = DirEm$$

Nuair is é DirEm na hastaíochtaí díreacha, a thagann de thoradh an phróisis táirgthe, arna sloinneadh i dtonaí de choibhéis $CO_2e$, faoi chuimsiú na dteorainneacha córais dá dtagraítear sa ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 7(6).

## 3. NA hASTAÍOCHTAÍ LEABAITHE DÍREACHA IARBHÍR A CHINNEADH LE hAGHAIDH EARRAÍ COIMPLÉASCACHA

Chun na sainastaíochtaí leabaithe iarbhír a chinneadh le haghaidh earraí coimpléascacha a tháirgtear i suiteáil ar leith, ní thabharfar sa chuntas ach na hastaíochtaí díreacha. Sa chás sin, tá an chothromóid seo a leanas le cur i bhfeidhm:

$$SEE_g = \frac{AttrEm_g + EE_{InpMat}}{AL_g}$$

Nuair is é AttrEmg n hastaíochtaí sannta a ghabhann leis na hearraí *g*, agus nuair is é $AL_g$ leibhéal gníomhaíochta na n-earraí, eadhon, an méid de na hearraí sin a táirgeadh sa tsuiteáil sin le linn na tréimhse tuairisciúcháin, agus nuair is é $EE_{InpMat}$ na hastaíochtaí leabaithe a ghabhann leis na hábhair (réamhtheachtaithe) ionchuir a caitheadh sa phróiseas táirgthe. Ní bhreithneofar ach ábhair ionchuir a liostaítear mar ábhair atá ábhartha do theorainneacha córais an phróisis táirgthe mar a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 7(6). Mar seo a leanas a ríomhtar an $EE_{InpMat}$ is ábhartha:

$$EE_{ImpMat} = \sum_{i=1}^{n} M_i \cdot SEE_i$$

Nuair is é $M_i$ mais an ábhair ionchuir *i* a úsáideadh sa phróiseas táirgthe, agus nuair is é $SEE_i$ na sainastaíochtaí leabaithe a ghabhann leis i leith an ábhair ionchuir. Maidir le $SEE_i$ bainfidh oibreoir na suiteála úsáid as luach na n-astaíochtaí a eascraíonn as an tsuiteáil inar táirgeadh an t-ábhar ionchuir, ar choinníoll gur féidir sonraí na suiteála a thomhas ar mhodh leormhaith.

## 4. NA LUACHANNA RÉAMHSHOCRAITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 7(2) AGUS AIRTEAGAL 7(3) A CHINNEADH

Mura féidir sonraí faireacháin iarbhír a thagraíonn d'astaíochtaí díreacha i gcomhréir le pointí 2 agus 3 a sholáthar ar mhodh leormhaith, is luach réamhshocraithe a chuirfear i bhfeidhm.

Chun críche luachanna réamhshocraithe a chinneadh, ní úsáidfear ach luachanna iarbhír chun astaíochtaí leabaithe a chinneadh. In éagmais sonraí iarbhír, féadfar luachanna litríochta a úsáid. Foilseoidh an Coimisiún treoir maidir leis an gcur chuige chun ceartú a dhéanamh i ndáil le gáis cheaptha teasa nó dramhgháis a úsáidtear mar ionchur próisis, sula mbaileofar na sonraí is gá chun na luachanna réamhshocraithe ábhartha a chinneadh le haghaidh gach cineál earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I. Agus na luachanna réamhshocraithe á gcinneadh bainfear úsáid as na sonraí is fearr atá ar fáil. Athbhreithneofar iad go tréimhsiúil trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis is cothroime le dáta agus is iontaofa, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise arna soláthar ag tríú tír nó ag grúpa de thríú tíortha.

### 4.1. Na luachanna réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 7(2)

I gcás nach féidir leis an dearbhóir údaraithe na hastaíochtaí iarbhír a chinneadh ar mhodh leormhaith, úsáidfear luachanna réamhshocraithe. Socrófar na luachanna sin ag meándéine astaíochta gach tíre onnmhairiúcháin agus le haghaidh gach ceann de na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I cé is moite de leictreachas, agus iad arna méadú trí chorrlach a chur leo, corrlach a chinnfear i ngníomhartha cur chun feidhme an Rialacháin seo. I gcás nach féidir sonraí iontaofa maidir leis an tír onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm i gcás cineál áirithe earraí, bunófar na luachanna réamhshocraithe ar mheándéine astaíochtaí an 10 faoi gcéad is measa feidhmíocht de na suiteálacha AE le haghaidh an chineáil sin earraí.

### 4.2. Na luachanna réamhshocraithe le haghaidh leictreachas allmhairithe in Airteagal 7(3)

Maidir le luachanna réamhshocraithe le haghaidh leictreachas allmhairithe, bunófar na luachanna sin ar luachanna réamhshocraithe sonracha le haghaidh tríú tír, grúpa de thríú tíortha nó réigiún laistigh de thríú tír, sin nó, mura bhfuil na luachanna sin ar fáil, ar luachanna réamhshocraithe AE le haghaidh táirgeadh leictreachais comhchosúil san AE, de réir phointe 4.2.2.

#### *4.2.1. Luachanna réamhshocraithe sonracha le haghaidh tríú tír, grúpa de thríú tíortha nó réigiún laistigh de thríú tír*

Bunófar na luachanna réamhshocraithe sonracha ar na sonraí is fearr atá le fáil ag an gCoimisiún agus lena gcinntear meán an fhachtóra astaíochta $CO_2$ i dtonaí $CO_2$ ina aghaidh na meigeavatuaire ó fhoinsí a shocraíonn na praghsanna sa tríú tír, sa ghrúpa de thríú tíortha nó sa réigiún laistigh de thríú tír.

I gcás ina gcinntear luachanna réamhshocraithe sonracha le haghaidh tríú tír, grúpa de thríú tíortha nó réigiún laistigh de thríú tír, agus go n-allmhairítear leictreachas ó thríú tír eile nó ó réigiún eile isteach sa tríú tír, nó isteach sa ghrúpa eile de thríú tíortha nó isteach i réigiún laistigh de thríú tír chun críche é a athonnmhairiú chuig an Aontas, ní úsáidfear an luach réamhshocraithe céanna.

#### *4.2.2. Luachanna réamhshocraithe malartacha*

I gcás ina gcinntear luachanna réamhshocraithe sonracha le haghaidh tríú tír, grúpa de thríú tíortha, nó réigiún laistigh de thríú tír, beidh an luach réamhshocraithe le haghaidh leictreachais, beidh sé ionadach ar an bhfachtóir astaíochta $CO_2$ san Aontas Eorpach, i dtonaí $CO_2$ in aghaidh na meigeavatuaire. Ciallaíonn sé sin meán ualaithe dhéine $CO_2$ an leictreachais a ghintear as breoslaí iontaise san Aontas Eorpach. Cuirtear san áireamh leis an ualú an meascán breoslaí iontaise sa táirgeadh san Aontas Eorpach. Is éard atá san fhachtóir astaíochta $CO_2$ an toradh a fhaightear trí shonraí astaíochta $CO_2$ na hearnála fuinnimh a roinnt ar ollmhéid na giniúna leictreachais ó bhreoslaí iontaise.

I gcás earraí de thionscnamh tríú tíre, nó i gcás grúpa de thríú tíortha a bhíonn i mbun leictreachas a mhalartú ar bhealach suntasach leis an Aontas Eorpach, más féidir a léiriú, ar bhonn sonraí iontaofa, go bhfuil meán an fhachtóra astaíochtaí $CO_2$ ó fhoinsí a shocraíonn praghsanna sa tríú tír sin nó sa ghrúpa sin de thríú tíortha a bhfuil malartú suntasach leictreachais acu leis an Aontas Eorpach, go bhfuil sin níos ísle ná meánfhachtóir astaíochta $CO_2$ an Aontais nó níos ísle ná an luach réamhshocraithe sonrach, leagfar síos luach réamhshocraithe malartach le haghaidh na tíre sin nó le haghaidh an ghrúpa tíortha sin agus bunófar an luach malartach sin ar an meánfhachtóir astaíochta $CO_2$ sa tríú tír nó sa ghrúpa tríú tíortha sin.

I gcás ina sainítear luachanna réamhshocraithe malartacha le haghaidh tríú tír nó réigiún i dtríú tír, nó grúpa de thríú tíortha nó réigiúin laistigh de thríú tíortha, agus go n-allmhairítear leictreachas ó thríú tír eile nó ó réigiún eile laistigh de thríú tíortha isteach sa tríú tír, faoi réir an luacha réamhshocraithe mhalartaigh, ní fhéadfar an luach réamhshocraithe malartach céanna a úsáid.

## 5. COINNÍOLLACHA MAIDIR LE hASTAÍOCHTAÍ LEABAITHE IARBHÍR SA LEICTREACHAS

Féadfaidh dearbhóir údaraithe a éileamh go gcuirfeadh sé i bhfeidhm na hastaíochtaí leabaithe iarbhír in ionad na luachanna réamhshocraithe le haghaidh an ríomha dá dtagraítear in Airteagal 7(3) má chomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) tá comhaontú ceannacháin cumhachta tugtha i gcrích ag an dearbhóir údaraithe le táirgeoir leictreachais atá lonnaithe i dtríú tír le haghaidh méid leictreachais atá coibhéiseach leis an méid a n-éilítear úsáid luacha shonraigh ina leith;

(b) An tsuiteáil ina ngintear an leictreachas, tá sí nasctha go díreach le córas tarchurtha an Aontais Eorpaigh nó is féidir a léiriú ag am an onnmhairithe nach raibh raibh aon phlódú líonra fisiceach ag aon phointe sa líonra idir an tsuiteáil agus córas tarchurtha an Aontais Eorpaigh;

(c) tá méid leictreachais atá coibhéiseach leis an leictreachas a n-éilítear na hastaíochtaí leabaithe iarbhír a úsáid ina leith, tá sin sannta ar bhealach cinnte don acmhainn idirnasctha sannta ag na hoibreoirí córas tarchurtha freagracha uile sa tír thionscnaimh, sa tír ceann scríbe agus, más ábhartha, i ngach tír idiriompair, agus is don tréimhse amháin ama, tréimhse nach mbeidh níos faide ná uair an chloig, a thagraíonn an acmhainn ainmnithe agus an táirgeadh leictreachais ag an tsuiteáil dá dtagraítear i bpointe (b);

(d) tá deimhniú ar fáil ó fhíoraitheoir creidiúnaithe gur comhlíonadh na critéir thuasluaite. Gheobhaidh an fíoraitheoir tuarascálacha eatramhacha gach mí ar a laghad ina dtabharfar léiriú ar an gcaoi a bhfuiltear ag comhlíonadh na gcritéar thuasluaite.

## 6. LUACHANNA RÉAMHSHOCRAITHE A OIRIÚNÚ DE RÉIR GNÉITHE RÉIGIÚN-SONRACHA

Is féidir luachanna réamhshocraithe a oiriúnú do limistéir áirithe, do réigiúin tíortha ina bhfuil tréithe sonracha i dtreis i dtéarmaí fachtóirí oibiachtúla amhail geograif, acmhainní nádúrtha, dálaí margaidh, an meascán fuinnimh, nó an táirgeadh tionsclaíoch. I gcas ina bhfuil sonraí arna n-oiriúint do na tréithe sonracha logánta sin ar fáil agus gur féidir luachanna réamhshocraithe níos spriocdhírithe a shainiú leo, féadfar na luachanna níos spriocdhírithe sin a úsáid in ionad luachanna réamhshocraithe arna mbunú ar shuiteálacha AE.

I gcás dearbhóirí i leith earraí de thionscnamh tríú tír, nó grúpa de thríú tíortha, i gcás inar féidir leis na dearbhóirí sin, ar bhonn sonraí iontaofa, a léiriú gurb ísle na luachanna réamhshocraithe malartacha arna n-oiriúnú de réir gnéithe réigiún-sonracha ná na luachanna réamhshocraithe arna sainiú ag an gCoimisiún, féadfar na luachanna réamhshocraithe malartacha a úsáid.

## IARSCRÍBHINN IV
## Ceanglais leabharchoimeádta maidir le sonraí a úsáidtear chun astaíochtaí leabaithe a ríomh

**1. NA SONRAÍ ÍOSTA ATÁ LE COINNEÁIL AG DEARBHÓIR ÚDARAITHE LE hAGHAIDH EARRAÍ ALLMHAIRITHE:**

1. Sonraí lena sainaithnítear an dearbhóir údaraithe:
   - (a) ainm;
   - (b) an sainaitheantóir a shann an t-údarás náisiúnta inniúil;
2. Sonraí maidir le hearraí allmhairithe:
   - (a) cineál agus cainníocht gach cineál earraí;
   - (b) an tír thionscnaimh;
   - (c) na hastaíochtaí iarbhír nó na luachanna réamhshocraithe.

**2. NA SONRAÍ ÍOSTA ATÁ LE COINNEÁIL AG DEARBHÓIR ÚDARAITHE LE hAGHAIDH ASTAÍOCHTAÍ LEABAITHE IN EARRAÍ ALLMHAIRITHE ARNA mBUNÚ AR NA hASTAÍOCHTAÍ IARBHÍR**

I gcás gach cineál earraí a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, ní mór na sonraí breise seo a leanas a choinneáil:

(a) sainaithint na suiteála inar táirgeadh na hearraí;

(b) faisnéis teagmhála oibreoir na suiteála inar táirgeadh na hearraí;

(c) an tuarascáil fíorúcháin maidir le hastaíochtaí lena n-áirítear na sonraí a bhaineann le hastaíochtaí leabaithe gach cineál earraí dearbhaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(d) sainastaíochtaí leabaithe na n-earraí.

## IARSCRÍBHINN V
## Prionsabail an fhíoraithe agus ábhar tuarascála fíorúcháin

### 1. PRIONSABAIL AN FHÍORAITHE

Beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le fíoruithe arna n-iarraidh de réir Airteagal 8:

(a) beidh dearcadh an sceipteachais ghairmiúil ag fíoraitheoirí agus iad ag déanamh na bhfíoruithe;

(b) ní mheasfar tuarascáil astaíochtaí a bheith fíoraithe agus oiriúnach don fheidhm ach amháin más é breith an fhíoraitheora, le cinnteacht réasúnta, go bhfuil an tuarascáil saor ó mhíráitis ábhartha agus ó neamh-chomhréireachtaí ábhartha maidir le rialacha ríomha Iarscríbhinn III;

(c) beidh sé éigeantach go dtabharfaidh an fíoraitheoir cuairteanna ar an tsuiteáil ach amháin i gcás ina dtarscaoiltear ón éigeantas sin é trí bhíthin critéir shonracha a chomhlíonadh;

(d) chun a chinneadh cé acu is ábhartha míráitis nó neamh-chomhréireachtaí, nó nach ábhartha, úsáidfidh an fíoraitheoir tairseacha a leagtar síos leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 8.

Maidir le paraiméadair nach sainítear tairseacha den sórt sin ina leith, bainfidh an fíoraitheoir leas as breithiúnas saineolaithe chun a mheas cé acu is gá nó nach gá dearcadh mar mhídhearbhuithe ábhartha ar mhídhearbhuithe arna meas ina n-aonar nó in éineacht le mídhearbhuithe eile, agus de réir a méide agus a gcineáil, i.e. agus cé acu a d’fhéadfaidís nó nach bhféadfaidís difear a dhéanamh d’úsáid na tuarascála acu siúd a bhfuil sí dírithe orthu, na húdáráis náisiúnta inniúla go háirithe.

### 2. ÁBHAR NA TUARASCÁLA FÍORÚCHÁIN

Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, i dtuarascáil fíorúcháin:

(a) sainaitheantas na suiteála inar táirgeadh na hearraí;

(b) faisnéis teagmhála oibreoir na suiteála inar táirgeadh na hearraí;

(c) an tréimhse thuairisciúcháin is infheidhme;

(d) ainm agus faisnéis teagmhála an fhíoraitheora:

(e) aitheantas an chreidiúnaithe, ainm an Chomhlachta Creidiúnúcháin;

(f) dáta na cuairte ar an tsuiteáil, más infheidhme, nó na cúiseanna nár tugadh cuairt ar an tsuiteáil;

(g) cainníochtaí gach cineáil earraí dearbhaithe a táirgeadh sa tréimhse thuairisciúcháin;

(h) astaíochtaí díreacha na suiteála le linn na tréimhse tuairisciúcháin;

(i) tuairisc ar an gcaoi a sanntar astaíochtaí na suiteála do chineálacha éagsúla earraí;

(j) faisnéis chainníochtúil faoi na hearraí, na hastaíochtaí agus na sreafaí fuinnimh nach mbaineann leis na hearraí sin;

(k) i gcás earraí coimpléascacha:

i. na cainníochtaí de na habhair ionchuir (réamhtheachtaithe) a úsáideadh;

ii. na sainastaíochtaí leabaithe;

iii. i gcás inar astaíochtaí iarbhír a úsáidtear sainaitheantas na suiteála inar táirgeadh an t-ábhar ionchuir agus na hastaíochtaí iarbhír ó tháirgeadh an ábhair sin.

(l) an dearbhú tuairime maidir leis an bhfíorú;

(m) faisnéis faoi na mídhearbhuithe ábhartha a aimsíodh agus nár ceartaíodh, i gcás inarb infheidhme;

(n) faisnéis faoi neamh-chomhréireachtaí leis na rialacha ríomha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, i gcás inarb infheidhme.